RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1770 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Meán Fómhair 2023

lena leagtar síos forálacha maidir le trealamh aerárthaí a cheanglaítear i dtaca le húsáid an Aerspáis Eorpaigh Aonair agus rialacha oibriúcháin a bhaineann le húsáid an Aerspáis Eorpaigh Aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 29/2009 agus Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1206/2011, (AE) Uimh. 1207/2011 agus (AE) Uimh. 1079/2012

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 44(1), pointe (a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 140(2) de Rialachán (AE) 2018/1139, tá na rialacha cur chun feidhme arna nglacadh ar bhonn Rialachán aisghairthe (CE) Uimh. 552/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) le hoiriúnú d'fhorálacha Rialachán (AE) 2018/1139, tráth nach déanaí ná an 12 Meán Fómhair 2023.

(2) Nósanna imeachta oibríochta um úsáid an aerspáis agus an trealaimh aerárthaí is gá, ba cheart iad a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach laistigh den Aerspás Eorpach Aonair i gcomhréir leis na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach i bpointe 1 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139, chun an idir-inoibritheacht agus oibríochtaí sábháilte a bhaint amach. Ba cheart na ceanglais sin a fhorchur dá bhrí sin ar oibreoirí aerárthaí nuair a eitlíonn siad isteach san Aerspás Eorpach Aonair, laistigh de nó amach as.

(3) Chun leanúnachas oibríochtaí na n-aerárthaí lena mbaineann a áirithiú, arb aerárthaí iad atá feistithe le cumais Chumarsáide, Loingseoireachta, agus Faireachais le haghaidh úsáid an Aerspáis Eorpaigh Aonair, ba cheart an Rialachán seo a bhunú ar na rialacha cur chun feidhme ábhartha arna nglacadh ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus na hoiriúnuithe is gá déanta orthu.

(4) Go háirithe, tugann Rialachán (CE) Uimh. 29/2009 ón gCoimisiún ([3]), Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1206/2011 ([4]), (AE) Uimh. 1207/2011 ([5]) agus (AE) Uimh. 1079/2012 ([6]) aghaidh ar fhorálacha mionsonraithe maidir leis na rialacha oibriúcháin a bhaineann le húsáid an aerspáis agus le trealamh aerárthaí. Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 29/2009 agus Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1206/2011, (AE) Uimh. 1207/2011 agus (AE) Uimh. 1079/2012 a aisghairm dá bhrí sin.

(5) Aon uair is féidir, ba cheart na ceanglais atá ann cheana agus a eascraíonn as na Rialacháin sin a mhacasamhlú sa Rialachán seo chun ionchais dhlisteanacha oibreoirí aerárthaí agus soláthraithe BAT/SAL, dá ndéantar difear leis na ceanglais sin, a urramú.

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le hidir-inoibritheacht an ghréasáin Eorpaigh um bainistíocht aerthráchta (an Rialachán idir-inoibritheachta) (IO L 96, 31.3.2004, lch. 26).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 29/2009 an 16 Eanáir 2009 ón gCoimisiún lena leagtar síos na ceanglais maidir le seirbhísí nasctha sonraí le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair (IO L 13, 17.1.2009, lch. 3).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1206/2011 ón gCoimisiún an 22 Samhain 2011 lena leagtar síos na ceanglais maidir le sainaithint aerárthaí chun faireachas a dhéanamh le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair (IO L 305, 23.11.2011, lch. 23).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1207/2011 ón gCoimisiún an 22 Samhain 2011 lena leagtar síos na ceanglais maidir le feidhmíocht agus idir-inoibritheacht an fhaireachais le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair (IO L 305, 23.11.2011, lch. 35).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1079/2012 ón gCoimisiún an 16 Samhain 2012 lena leagtar síos na ceanglais maidir le spásáil cainéal gutha le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair (IO L 320, 17.11.2012, lch. 14).

(6) Is iomchuí go leanfaidh na ceanglais sin d'fheidhm a bheith acu maidir le hoibreoirí aerárthaí a oibríonn mar gnáth-aerthrácht san Aerspás Eorpach Aonair, le linn na gcéimeanna eitilte uile agus i limistéar gluaiseachta aeradróim, cé is moite d'aerárthach dá dtagraítear in Airteagal 2(3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/1139. Ba cheart do na Ballstáit a bheith freagrach as a áirithiú go dtabharfaidh oibríochtaí na n-aerárthaí sin aird chuí ar shábháilteacht loingseoireachta na n-aerárthaí eile uile. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh, mar sin féin, an Rialachán seo a chur i bhfeidhm maidir leis na haerárthaí sin.

(7) I gcomhréir le raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 29/2009, ba cheart don Rialachán seo foráil a dhéanamh maidir leis na heisceachtaí céanna ar cheanglais maidir le nasc sonraí mar a dheonaítear faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2012 ón gCoimisiún ([7]).

(8) Rinneadh foráil le hAirteagal 14(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1079/2012 maidir le díolúintí ón oibleagáid aerárthach a oibriú i gcás ina mbeidh gá le raidió agus cumas spásála cainéal 8,33 kHz ag a threalamh raidió. Níor cheart athrú a dhéanamh ar na díolúintí atá ann cheana leis an Rialachán seo.

(9) Ábhar an Mháistirphlean BAT agus na cumais chumarsáide, loingseoireachta agus faireachais atá ann, tugadh san áireamh go cuí iad agus na ceanglais sa Rialachán seo á bhforbairt.

(10) Le Tuairim 01/2023 dá cuid, d'ullmhaigh Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa dréacht-rialacha cur chun feidhme agus chuir faoi bhráid an Choimisiúin iad i gcomhréir le hAirteagal 75(2), pointí (b) agus (c), agus Airteagal 76(1) de Rialachán (AE) 2018/1139.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an choiste a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 127) de Rialachán (AE) 2018/1139,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leis an Rialachán seo, leagtar rialacha oibriúcháin síos a bhaineann le húsáid an aerspáis agus ceanglais maidir le trealamh aerárthaí a cheanglaítear maidir leis an oibriú sábháilte aonfhoirmeach laistigh den aerspás Eorpach aonair.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le hoibreoirí aerárthaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointí (b) (i) agus (ii) agus Airteagal 2(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2018/1139 a ghabhann don ghnáth-aerthrácht agus a oibríonn isteach san Aerspás Eorpach Aonair, laistigh de nó amach as.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críche an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'aonad rialaithe aerthrách ta' (aonad ATC) téarma cineálach a chiallaíonn i gcomhthéacsanna éagsúla, ionad rialaithe limistéir, aonad um rialú ascnaimh, nó túr rialaithe aeradróim;

(2) ciallaíonn 'seirbhís nasctha sonraí' tacar d'idirbhearta bainistíochta aerthrách ta gaolmhara, a dtacaíonn cumarsáid an nasctha sonraí idir aer agus talamh leo, ag a bhfuil sprioc oibriúcháin a shainítear go soiléir agus a gcuirtear tús agus deireadh leo le teagmhas oibríochtúil;

(3) ciallaíonn 'oibríocht iompróra seach-churtha' cás nach féidir le tarchuradóir aonair ar an talamh an cumhdach oibriúcháin ainmnithe a áirithiú, agus cás ina ndéanfar na comharthaí ó dhá tharchuradóir nó níos mó ar an talamh a sheach-chur ó lármhinicíocht an chainéil ainmniúil chun fadhbanna trasnaíochta a íoslaghdú.

([7]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2012 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2019 maidir le díolúintí faoi Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 29/2009 ón gCoimisiún lena leagtar síos ceanglais ar sheirbhísí nasctha sonraí le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair, (IO L 312, 3.12.2019, lch. 95).

Airteagal 3

Trealamh aerárthaí agus rialacha oibriúcháin

Áiritheoidh oibreoirí aerárthaí go mbeidh a n-aerárthaí feistithe agus á n-oibriú i gcomhréir leis na rialacha agus leis na nósanna imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I (Cuid-COM) agus Iarcríbhinn II (Cuid-SUR).

Airteagal 4

Modhanna comhlíontachta

1. Forbróidh an Ghníomhaireacht modhanna inghlactha comhlíontachta ('AMC') a fhéadfar a úsáid chun comhlíontacht a shuí leis an Rialachán seo, Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha tarmligthe agus a ghníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin.

2. Féadfar modhanna malartacha comhlíontachta a úsáid chun comhlíonadh an Rialacháin seo a shuí.

3. Bunóidh údaráis inniúla córas chun meastóireacht a dhéanamh go comhsheasmhach ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an modh malartach comhlíontachta arna úsáid acu féin nó ag eagraíochtaí faoina maoirseacht Rialachán (AE) 2018/1139 agus na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar a bhonn sin.

4. Cuirfidh na húdaráis inniúla an Ghníomhaireacht ar an eolas maidir le haon mhodh malartach comhlíontachta a úsáideann daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá faoina maoirseacht nó a úsáideann na húdaráis iad féin chun comhlíonadh an Rialacháin seo a shuí.

Airteagal 5

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 29/2009 agus Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1206/2011, (AE) Uimh. 1207/2011 agus (AE) Uimh. 1079/2012.

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Cumarsáid

(Cuid-COM)

AUR.COM.1001 Ábhar

Leagtar ceanglais síos leis an gCuid seo maidir le trealamh aerárthaí agus rialacha oibriúcháin i dtaca le húsáid an aerspáis lena gcumhdaítear na ceanglais is infheidhme maidir le seirbhísí nasctha sonraí agus spásáil cainéal gutha.

TEIDEAL 1 — SEIRBHÍSÍ NASCTHA SONRAÍ

AUR.COM.2001 Raon feidhme

Níl feidhm ag an Teideal seo ach amháin maidir le heitiltí a oibrítear mar ghnáth-aerthrácht i gcomhréir le rialacha um eitilt de réir uirlisí os cionn FL 285 laistigh den Aerspás Eorpach Aonair, cé is moite den aerspás sin nach cuid é de réigiún EUR na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) agus Réigiún Faisnéis Eitilte Uasta na Fionlainne (UIR) ó thuaidh ó 61°30′, agus UIR na Sualainne ó thuaidh ó 61°30′.

AUR.COM.2005 Ceanglais maidir le trealamh aerárthaí

1. Déanfaidh an t-oibreoir aerárthaí an méid seo a leanas:

   (a) áiritheoidh go mbeidh sé de chumas ag aon aerárthach dá n-oibríonn sé na seirbhísí nasctha sonraí seo a leanas a oibriú:

      (i) Cumas Tionscanta Cumarsáide Nasctha Sonraí;

      (ii) Bainistíocht Chumarsáid an Rialaithe Aerthráchta (ATC);

      (iii) Ceadanna agus Faisnéis Rialaithe Aerthráchta;

      (iv) Seiceáil Micreafóin don Rialú Aerthráchta.

   (b) déanfaidh socruithe iomchuí chun a áirithiú gur féidir malartú sonraí a bhunú idir na haerárthaí dá chuid, ag a bhfuil cumas nasctha sonraí, agus na haonaid ATC uile a fhéadfaidh na heitiltí a oibríonn sé a rialú, agus aird chuí á tabhairt ar teorainneacha féideartha ar an gcumhdach atá ina gcuid dhílis den teicneolaíocht cumarsáide a úsáidtear.

2. Ní bheidh feidhm ag pointe 1 maidir leis an méid a leanas:

   (a) aerárthaí ag a bhfuil deimhniú aeracmhainneachta aonair a eisíodh roimh 1 Eanáir 1995 den chéad uair;

   (b) aerárthaí ag a bhfuil deimhniú aeracmhainneachta aonair a eisíodh roimh 1 Eanáir 2018 den chéad uair agus a feistíodh roimh an dáta sin le trealamh nasctha sonraí lena n-áirithítear idir-inoibritheacht na bhfeidhmchlár ATS thar an ngréasán idir aer agus talamh de Chóras Seolacháin agus Tuairiscithe Cumarsáide Aerárthaí (ACARS), a úsáidtear go príomha in áiteanna mar nach praiticiúil é an radar faireachais;

   (c) aerárthaí inarb é 19 bpaisinéir nó níos lú a n-uasacmhainneacht suíochán dheimhnithe, agus ag a bhfuil uasmhais éirí de thalamh dheimhnithe de 45 359 kg (100 000 lb) nó níos lú, agus ag a bhfuil deimhniú aeracmhainneachta aonair a eisíodh roimh an 5 Feabhra 2020 den chéad uair;

   (d) aerárthaí atá ag eitilt chun críoch tástála, seachadta nó cothabhála nó ina bhfuil comhdhamhnaí nasctha sonraí atá as feidhm go sealadach faoi na dálaí a shonraítear san íosliosta trealaimh is infheidhme;

   (e) teaglama cineálacha agus múnlaí aerárthaí a liostaítear i bhFoscríbhinn I;

   (f) teaglama cineálacha agus múnlaí aerárthaí a liostaítear i bhFoscríbhinn II ar eisíodh an chéad deimhniú aeracmhainneachta aonair dóibh roimh an 5 Feabhra 2020.

AUR.COM.2010 Nósanna imeachta oibríochta agus oiliúint DLS

Déanfaidh oibreoirí aerárthaí na bearta is gá chun an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go mbeidh a nósanna imeachta oibríochta i gcomhréir leis an Teideal seo agus go léireofar ina lámhleabhair oibríochta iad; agus

(b) go gcuirfear an pearsanra a oibríonn an trealamh nasctha sonraí ar an eolas go cuí faoin Teideal seo agus go gcuirfear oiliúint oiriúnach orthu le haghaidh a bhfeidhmeanna poist.

TEIDEAL 2 — SPÁSÁIL CAINÉAL GUTHA

AUR.COM.3001 Raon feidhme

Níl feidhm ag an Teideal seo ach amháin maidir le heitiltí a oibrítear mar ghnáth-aerthrácht laistigh den Aerspás Eorpach Aonair atá ina chuid de réigiún EUR ICAO, agus mar a soláthraítear seirbhísí cumarsáide raidió idir aer agus talamh agus idir seirbhísí cumarsáide raidió ar an talamh i mbanda minicíochta 117,975–137 MHz. Eisiatar Réigiúin Faisnéis Eitilte (FIR)/UIR na nOileán Canárach ón raon feidhme cur i bhfeidhm.

AUR.COM.3005 Ceanglais maidir le trealamh aerárthaí

(1) Áiritheoidh oibreoirí aerárthaí go n-áireofar cumas spásála cainéal 8,33 kHz leis an trealamh cumarsáide gutha uile a chuirfear i mbun seirbhíse tar éis an 17 Samhain 2013 agus go mbeifear in ann an trealamh uile a thiúnáil chun cainéil spásáilte 25 kHz a fháil.

(2) Na díolúintí ón oibleagáid aerárthach a oibriú i gcás ina mbeidh gá le raidió agus cumas spásála cainéal 8,33 kHz ag a threalamh raidió le haghaidh cásanna ag a bhfuil tionchar teoranta ar an ngréasán a dheonaigh na Ballstáit de bhun Airteagal 14(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1079/2012 a cuireadh in iúl don Choimisiún, beidh siad bailí fós.

Foscríbhinn I

Díolúintí dá dtagraítear i bpointe (e) de AUR.COM.2005 (2)

Cineál/sraith/múnla aerárthaigh	Monaróir	Sainitheoir cineáil ICAO
AN-12 iad uile	Antonov	AN12
AN-124 100	Antonov	A124
IL-76 iad uile	Ilyushin	IL76
A300 iad uile	Airbus	A30B A306 A3ST
A310 iad uile	Airbus	A310
A-319/-320/-321 ar eisíodh a chéad Deimhniú Aeracmhainneachta idir 1 Eanáir 1995 agus 5 Iúil 1999 agus na dátaí sin san áireamh	Airbus	A319 A320 A321
A340 iad uile	Airbus	A342 A343 A345 A346
A318-112	Airbus	A318
AVROLINER (RJ-100)	AVRO	RJ1H
AVROLINER (RJ-85)	AVRO	RJ85
BA146-301	British Aerospace	B463
B717-200	Boeing	B712
B737-300	Boeing	B733
B737-400	Boeing	B734
B737-500	Boeing	B735
B747-400	Boeing	B744
B757-200	Boeing	B752
B757-300	Boeing	B753
B767-200	Boeing	B762
B767-300	Boeing	B763
B767-400	Boeing	B764
MD-82	Boeing	MD82
MD-83	Boeing	MD83
MD-11 iad uile	Boeing	MD11
CL-600-2B19 (CRJ100/200/440)	Bombardier	CRJ1/CRJ2
Dornier 328-100	Dornier	D328
Dornier 328-300	Dornier	J328
Fokker 70	Fokker	F70
Fokker 100	Fokker	F100

Sraith King Air (90/100/200/300)	Beechcraft	BE9L BE20 B350
Hercules L-382-G-44K-30	Lockheed	C130
SAAB 2000/SAAB SF2000	SAAB	SB20

Foscríbhinn II

Díolúintí dá dtagraítear i bpointe (f) de AUR.COM.2005 (2)

Cineál/sraith/múnla aerárthaigh	Monaróir	Sainitheoir cineáil ICAO
Sraith A330 200/300	Airbus	A332/A333
Global Express/5000 BD-700-1A10/1A11	Bombardier	GLEX/GL5T
CL-600-2C10 (CRJ-700)	Bombardier	CRJ7
C525C, CJ4	Cessna	C25C
C560XL (Citation XLS+)	Cessna	C56X
Falcon 2000 iad uile	Dassault	F2TH
Falcon 900 iad uile	Dassault	F900
EMB-500 (Phenom 100)	Embraer	E50P
EMB-505 (Phenom 300)	Embraer	E55P
EMB-135BJ (Legacy 600)	Embraer	E35L
EMB-135EJ (Legacy 650)	Embraer	E35L
EMB-145 (135/140/145)	Embraer	E135 E145, E45X
PC-12	Pilatus	PC12

IARSCRÍBHINN II

Faireachas

(Cuid-SUR)

AUR.SUR.1001 Ábhar

Leagtar ceanglais síos leis an gCuid seo maidir le trealamh aerárthaí agus rialacha oibriúcháin i dtaca le húsáid an aerspáis lena gcumhdaítear na ceanglais is infheidhme maidir le faireachas.

TEIDEAL 1 — FAIREACHAS COMHOIBRÍOCH SPLEÁCH

AUR.SUR.2001 Raon feidhme

(1) Níl feidhm ag an Teideal seo ach amháin maidir le heitiltí a oibrítear mar ghnáth-aerthrácht i gcomhréir le rialacha um eitilt de réir uirlisí laistigh den Aerspás Eorpach Aonair atá ina chuid de réigiún EUR na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO).

(2) D'ainneoin mhír (1), beidh feidhm ag AUR.SUR.2015 maidir leis na heitiltí uile a oibrítear mar ghnáth-aerthrácht.

AUR.SUR.2005 Ceanglais maidir le trealamh aerárthaí

1. Áiritheoidh oibreoirí aerárthaí an méid seo a leanas:

   (a) go mbeidh aerárthaí feistithe le trasfhreagróirí radair thánaistigh faireachais inúsáidte a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:

      (i) tá na cumais acu le haghaidh Faireachas Bunúsach aerbheirthe Mhód S (ELS);

      (ii) tá leanúnachas leordhóthanach acu chun riosca oibriúcháin a sheachaint;

   (b) maidir le haerárthaí ag a bhfuil uasmhais éirí de thalamh dheimhnithe os cionn 5 700 kg nó ag a bhfuil uaschumas fíor-aerluais cúrsála is mó ná 250 kt, agus deimhniú aeracmhainneachta aonair a eisíodh an 7 Meitheamh 1995 nó dá éis den chéad uair, go mbeidh siad feistithe le trasfhreagróirí radair thánaistigh faireachais inúsáidte a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:

      (i) tá na cumais acu le haghaidh craolachán faireachais spleách uathoibríoch (ADS-B) Amach mar chuid de Steallchraoladh Sínte (ES) 1 090 MHz i dteannta cumais dá dtagraítear i bpointe (a)(i);

      (ii) tá leanúnachas leordhóthanach acu chun riosca oibriúcháin a sheachaint;

   (c) maidir le haerárthaí sciatháin dhobhogtha ag a bhfuil uasmhais éirí de thalamh dheimhnithe os cionn 5 700 kg nó ag a bhfuil uaschumas fíor-aerluais cúrsála is mó ná 250 kt, agus deimhniú aeracmhainneachta aonair a eisíodh an 7 Meitheamh 1995 nó dá éis den chéad uair, go mbeidh siad feistithe le trasfhreagróirí radair thánaistigh faireachais inúsáidte a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:

      (i) tá na cumais acu le haghaidh Faireachas Breisithe Mhód S (EHS), i dteannta cumais dá dtagraítear i bpointe (a)(i) agus i bpointe (b)(i);

      (ii) tá leanúnachas leordhóthanach acu chun riosca oibriúcháin a sheachaint.

2. Ní bheidh feidhm ag pointí 1(b) ná (c) maidir le haerárthaí a bhaineann le ceann de na catagóirí seo a leanas:

   (a) aerárthaí atáthar ag eitilt chun go ndéanfar cothabháil orthu;

   (b) aerárthaí atáthar ag eitilt lena n-onnmhairiú;

   (c) aerárthaí a scoirfear dá n-oibriú faoin 31 Deireadh Fómhair 2025.

3. Oibreoirí aerárthaí ag a bhfuil deimhniú aeracmhainneachta aonair a eisíodh roimh an 7 Nollaig 2020 den chéad uair, comhlíonfaidh siad pointí 1(b) agus (c), faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

   (a) tá clár iarfheistiúcháin bunaithe acu roimh an 7 Nollaig 2020 a léiríonn go gcomhlíontar pointí 1(b) agus (c);

(b) níor thairbhigh na haerárthaí sin d'aon chistiú ón Aontas a deonaíodh chun na haerárthaí sin a thabhairt i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i bpointí 1(b) agus (c).

4. Áiritheoidh oibreoirí aerárthaí maidir le haerárthaí atá feistithe i gcomhréir le pointí 1, 2 agus 3 agus ag a bhfuil uasmhais éirí de thalamh dheimhnithe os cionn 5 700 kg nó ag a bhfuil uaschumas fíor-aerluais cúrsála is mó ná 250 kt, go n-oibreofar iad agus éagsúlacht aeróg i bhfeidhm.

AUR.SUR.2010 Trasfhreagróir atá as feidhm

I gcás aerárthaí ina bhfuil cumas na dtrasfhreagróirí chun na ceanglais a leagtar síos i bpointí 1(b) agus (c) de phointe AUR.SUR.2005 as feidhm go sealadach, beidh oibreoirí aerárthaí i dteideal na haerárthaí sin a oibriú ar feadh 3 lá as a chéile ar a mhéad.

AUR.SUR.2015 Seoladh aerárthaigh ICAO 24 giotán trasfhreagróra

Áiritheoidh oibreoirí aerárthaí gurb amhlaidh ar bord an aerárthaigh atá á oibriú acu, go n-oibríonn aon trasfhreagróir Mhód S maille le seoladh aerárthaigh ICAO 24 giotán a chomhfhreagraíonn don chlárú atá sannta ag an Stát ina bhfuil an t-aerárthach cláraithe.

AUR.SUR.2020 Nósanna imeachta oibríochta faireachais agus oiliúint

Déanfaidh oibreoirí aerárthaí na bearta is gá chun an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go mbeidh a nósanna imeachta oibríochta i gcomhréir leis an Teideal seo agus go léireofar ina lámhleabhair oibríochta iad; agus

(b) go gcuirfear an pearsanra a oibríonn an trealamh faireachais ar an eolas go cuí faoin Teideal seo agus go gcuirfear oiliúint oiriúnach orthu le haghaidh a bhfeidhmeanna poist.